
# Tionscadal Ghlasbhealach na Dothra
## Páirc Hoirbeaird go dtí Bóthar Dhomhnach Broc

Bileog Faisnéise – Deireadh Fómhair 2022

# BILEOG EOLAIS

**A Chónaitheoir/Úinéir Gnólachta, a chara,**
**Cuirtear eolas ar fáil sa bhileog seo faoi Thionscadal Ghlasbhealach na Dothra - Páirc Hoirbeaird go dtí Bóthar Dhomhnach Broc.**




Tá Tionscadal Ghlasbhealach na Dothra - Páirc Hoirbeaird go dtí Bóthar Dhomhnach Broc mar chuid de ghréasán taistil ghníomhaigh Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (CCBÁC). Tá sé á chistiú ag an Údarás Náisiúnta Iompair (an ÚNI). Cuirfidh sé áiseanna ardchaighdeáin siúil agus rothaíochta ar fáil feadh bhruacha Abhainn an Dothra ar feadh fad 460 méadar. Gabhann an glasbhealach ó Ardán Eglinton, taobh leis an mbealach isteach chuig Páirc Hoirbeaird, go Bóthar Dhomhnach Broc, taobh le Droichead Anglesey. Príomhbhóthar é i bPlean Ghréasán Raonta Rothar Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath an ÚNI. Tá trasrianta coisithe le comharthaí tráchta, uasghráduithe fairsinge ar an tírdhreachú ina gcuirfear crainn agus ina ndéanfar bearta eile glasaithe, i gceist leis an tionscadal.




Tá oibreacha tógála sceidealaithe lena dtosú i nDeireadh Fómhair 2022. Leis an tionscadal casta ach an-fhiúntach seo a sholáthar don chathair, beidh cur isteach áirithe sealadach ar an gceantar i gceist agus ní féidir seo a sheachaint. Déanfaidh CCBÁC, i gcomhoibriú lenár gconraitheoir, gach iarracht leis seo a íoslaghdú a mhéid agus is féidir.

## TIMELINE

| Ráithe 3 2017 | Ráithe 3 2020 | Ráithe 4 2022 | Ráithe 4 2023 |
|---|---|---|---|
| Cuid 8 Faofa | Tairiscint Fógartha | Tógáil Tosaithe | Críochnú Curtha i gCrích |

## CAD ATÁ SA BHILEOG SEO?

1. Léargas Ginearálta ar an Tionscadal
2. Léirshamhlú ar an Tionscadal
3. Trácht ar Mhalairt Slí i rith Oibreacha Tógála
4. Conas Teagmháil a Dhéanamh Linn
5. Nuashonruithe Breise


Dearadh mionsonraithe ag ealaíontóir

## 1 LÉARGAS GINEARÁLTA AR AN TIONSCADAL

Déanfaidh Tionscadal Ghlasbhealach na Dothra - Páirc Hoirbeaird go dtí Bóthar Dhomhnach Broc an méid seo a leanas:

- Áiseanna ardchaighdeáin leanúnacha sábháilte agus inrochtana cosanta rothaíochta a sholáthar chun freastal ar dhaoine ar gach aois agus cumas chun freastal ar an éileamh reatha agus amach anseo;
- Glasbhealach ardchaighdeáin a sholáthar do shiúl agus rothaíocht agus rudaí ar rothaí a bhrú romhat feadh bhruach thiar Abhainn na Dothra.
- Stráice de Ghlasbhealach na Dothra ó Droichead Anglesey go hArdán Eglinton, taobh leis an mbealach isteach go dtí Páirc Hoirbeaird, a sholáthar.
- Áiseanna feabhsaithe do choisithe a sholáthar trí chosáin a uasghrádú agus trasrianta coisithe a shuiteáil ar Bhóthar Dhomhnach Broc.
- Cur le laghdú ar astaíochtaí iompair ar aon dul le cuspóirí an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide trí aistriú córa iompair go taisteal gníomhach agus iompar poiblí úsáid a spreagadh;

## 2 LÉIRSHAMHLÚ AGUS LÍNÍOCHTAÍ DEN TIONSCADAL

Cuireadh líníochtaí dearaidh Thionscadal Ghlasbhealach na Dothra - Páirc Hoirbeaird go dtí Bóthar Dhomhnach Broc ar fáil le hamharc orthu ag:

- Leabharlann Pembroke, Bóthar Anglesea, Baile Átha Cliath 4
- www.dublincity.ie/activetravel



# 3 TRÁCHT AR MHALAIRT SLÍ I RITH OIBREACHA TÓGÁLA

Tá ar an gconraitheoir don tionscadal clár oibreacha a ullmhú, lena n-áireofar plean mionsonraithe bainistíochta tráchta chun na hoibreacha tógála a éascú.

Titfidh tromlach na n-oibreacha amach ar bhruach na habhann. Nuair a thrasnóidh na hoibreacha bóithre poiblí, cuirfear socruithe bainistíochta tráchta i bhfeidhm. Titfidh tromlach na hoibre amach ar an gcosán agus is gnách go ndúnfar lána tráchta go sealadach agus go mbainfear úsáid as mar chosán sealadach dá bharr. Ciallaíonn seo, go bhféadfadh go gcuirfí an trácht ginearálta isteach/amach ar mhalairt slí timpeall ar na hoibreacha i rith tréimhsí áirithe de na hoibreacha. Nuair a bhíonn an mhalairt slí seo i bhfeidhm, leanfar leis na bealaí isteach agus amach do bhusanna, tacsaithe, rothaithe agus úsáideoirí cosáin tríd an gceantar a chur ar fáil agus éascófar rochtain áitiúil ag gach tráth.



Dearadh mionsonraithe ag ealaíontóir



Dearadh mionsonraithe ag ealaíontóir

## 4 CONAS TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LE COMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH & LEIS AN GCONRAITHEOIR

Má theastaíonn tuilleadh eolais uait maidir le Tionscadal Glasbhealach na Dothra - Páirc Hoirbeaird go Bóthar Dhomhnach Broc), nó más mian leat teagmháil a dhéanamh le foireann tionscadail Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, féach ar na roghanna thíos:

www.dublincity.ie/activetravel

activetraveloffice@dublincity.ie leis an ábhar: Tionscadal Glasbhealach na Dothra

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Oifig an Chláir Taistil Ghníomhaigh, Bloc 2, Urlár 7, Oifigí na Cathrach, Cé an Adhmaid, Baile Átha Claith 8, D08 RF3F

Oifigeach Idirchaidrimh Tionscadail Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath: 01 222 2536

Chun teagmháil a dhéanamh leis an gconraitheoir, Clonmel Enterprises Ltd.

Teagmhálaí Éigeandála 24 uair an chloig: 086 858 5018

dodder@clonmelent.com

www.clonmelent.com

## 5 NUASHONRUITHE BREISE

Tá sé mar aidhm ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath faisnéis shoiléir, bheacht agus chruinn a chur ar fáil do chónaitheoirí agus d'úsáideoirí na conaire feadh bhealach Thionscadal Ghlasbhealach na Dothra - Páirc Hoirbeaird go dtí Bóthar Dhomhnach Broc. Tá mar aidhm againn go gcríochnófar an tionscadal ar bhealach a chuireann isteach a laghad is féidir ar gach duine agus a chinntiú go mbíonn teacht ag páirtithe leasmhara ar eolas a nuashonraítear go rialta ar an tionscadal.

Déanfar cáipéis Cheisteanna Coitianta a ullmhú agus a chur ar fáil ar an láithreán gréasáin sna míonna amach anseo agus nuashonrófar agus coimeádfar í i rith chéim thógála an tionscadail.

Tá súil againn go raibh an t-eolas seo úsáideach duit agus, mar a leagtar amach thuas, cuirfear nuashonruithe breise ar fáil le linn sholáthar an tionscadail.

Cuirfear nuashonruithe rialta agus tráthúla maidir le socruithe sealadacha bainistíochta tráchta ar fáil de réir mar a dhéanann na hoibreacha dul chun cinn.